Aistear
Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

Cumarsáid

Tugann Aistear míniú ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a dhéanann leanaí ag baint úsáide as ceithre théama. Ceann de na téamaí sin í **An Chumarsáid**.

In *Aistear* ciallaíonn **Cumarsáid** leanaí ag roinnt a n-eispéireas, a dtuairimí, a smaointe, agus a mothúchán le daoine eile agus a bhféinmhuinín agus a n-inniúlacht ag dul i méid ar bhealaí éagsúla agus chun críocha éagsúla. (Féach leathanaigh 37 go 46 don téacs iomlán maidir le **Cumarsáid**.)

dánta focail Braille comharthaí coirp drámaíocht

amhráin abairtí

ceol comhartaíocht láimhe scéalta

Aidhm 1

Bainfidh leanaí úsáid as scileanna cumarsáide neamhbhriathartha.

Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. úsáidfidh siad réimse gluaiseachtaí coirp, gothaí gnúise agus luathghuthaíochtaí chun mothúcháin a chur in iúl agus eolas a roinnt
2. tuigfidh siad agus úsáidfidh siad rialacha cumarsáide neamhbhriathartha
3. tuigfidh siad cumarsáid neamhbhriathartha a dhéanann daoine eile agus freagróidh di
4. beidh siad léirthuisceanach go bhfuil roinnt daoine ann a bhíonn ag brath ar chumarsáid neamhbhriathartha
5. úsáidfidh siad idir chumarsáid bhriathartha agus neamhbhriathartha
6. cuirfidh siad iad féin in iúl go cruthaitheach samhlaíoch ag baint úsáide as cumarsáid neamhbhriathartha.

Aidhm 2

Bainfidh leanaí úsáid as teanga.

Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. idirghníomhú le leanaí agus daoine fásta eile trí éisteacht, plé agus fanacht lena seal féin sa chomhrá
2. déanfaidh siad iniúchadh ar fhuaim, ar phátrúin, ar rithim, agus ar athrá i dteanga
3. cuirfidh siad lena stór focal agus nathanna, agus léireoidh tuiscint mhéadaitheach ar chomhréir agus ar bhrí
4. bainfidh siad úsáid mhuinineach inniúil as teanga chun críocha éagsúla
5. beidh siad ina n-úsáideoirí oilte teanga amháin ar a laghad agus beidh siad feasach measúil ar theangacha eile
6. beidh siad dearfach i leith a dteanga baile, agus beidh fhios acu gur féidir teangacha éagsúla a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh.

Aidhm 4

Cuirfidh leanaí iad féin in iúl go cruthaitheach samhlaíoch.

Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. roinnfidh siad a mothúcháin, a machnamh agus a smaointe ar bhealaí éagsúla
2. cuirfidh siad iad féin in iúl trí na hamharc-ealaíona
3. éistfidh siad le cineálacha éagsúla ceoil, canfaidh amhráin, agus déanfaidh ceol ag baint úsáide as uirlisí
4. úsáidfidh siad teanga chun róil agus eispéiris a shamhlú agus a athchruthú
5. freagróidh siad d'eispéiris litearthachta trí scéalta, dánta, amhráin agus drámaíocht, agus cruthóidh siad cinn nua
6. beidh siad féinmhuiníneach agus iad ag baint trialach as rudaí nua, ag dul san amhantar, agus ag smaoineamh go cruthaitheach.

Aidhm 3

Cuirfidh leanaí leis an tuiscint atá acu ar an domhan trí bhíthin teanga.

Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. úsáidfidh siad teanga chun eispéiris a thuiscint, chun fadhbanna a réiteach, agus chun machnamh, smaointe agus mothúcháin a shoiléiriú
2. úsáidfidh siad leabhair agus TFC ar mhaithe le spraoi a bhaint astu, eolas a aimsiú agus le cur lena dtuiscint ar an domhan
3. cuirfidh siad lena bhfeasacht ar na siombailí éagsúla a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh, agus tuigfidh siad gur féidir le daoine eile iad seo a léamh
4. rachaidh siad i dtaithí ar chlónna éagsúla a úsáid
5. beidh deiseanna acu úsáid a bhaint as ábhair agus uirlisí éagsúla chun comharthaí a dhéanamh
6. forbróidh siad scileanna comhairimh agus tuiscint níos fearr ar bhrí agus ar úsáid uimhreacha agus ar bhéarlagair na matamaitice.

damhsa ealaín nathanna gothaí gnúise

Uirlis Úsáide Aistear

Soláthraíonn Ríomhuirlis Úsáide Aistear réimse acmhainní lena n-áirítear gearrthóga físe, nodbhileoga, bileoga eolais, podchraolta srl le cuidiú leat leas a bhaint as *Aistear* a oirfidh do do chás féin. Tá fáil ar an Uirlis Úsáide ag **www.ncca.ie/uirlisiusaideaistear**.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire.
Fón: +353 1 661 7177 Facs: +353 1 661 7180
R-phost: info@ncca.ie Láithreán Gréasáin: www.ncca.ie